# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2019**

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN 19 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

| **ROINN 1 (120 Marc)** |
|---|
| Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile |

## 1. Cuntais Deiridh Cuideachta

Baineadh na hiarmhéideanna seo thíos as leabhair Uí Uaithne Teo. mar a bhí ar 31/12/2018:

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal<br>Údaraithe - 950,000 gnáthscair ar €1 an ceann<br>Eisithe - 430,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 430,000 |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 70,000 | |
| Foirgnimh | 660,000 | |
| Trealamh oifige | 75,000 | |
| Paitinní | 80,000 | |
| Dímheas carntha – foirgnimh | | 33,000 |
| Dímheas carntha – trealamh oifige | | 7,500 |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2018) | 91,500 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2018) | 1,200 | |
| Fógraíocht | 8,400 | |
| Stáiseanóireacht | 4,500 | |
| Ceannacháin | 470,000 | |
| Díolacháin | | 880,000 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 18,200 | |
| Creidiúnaithe | | 82,000 |
| Féichiúnaithe | 73,000 | |
| CBL | | 6,000 |
| Solas agus teas | 12,100 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,000 |
| Táillí stiúrthóirí | 36,400 | |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 01/04/2018) | | 120,000 |
| Ús bintiúir | 5,200 | |
| Banc | | 8,500 |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2018 | | 62,900 |
| Cíos agus rátaí | 22,100 | |
| Árachas | 12,400 | |
| Coimisiún | | 6,100 |
| | 1,640,000 | 1,640,000 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc na n-earraí le hathdhíol ar 31/12/2018, €54,500.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2018, €900.

(iii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Foirgnimh | - | 2% den chostas |
| Trealamh oifige | - | 10% dá luach de réir na leabhar |
| Veaineanna seachadta | - | 10% den chostas |

(iv) Fógraíocht dlite ar 31/12/2018, €1,300.

(v) Soláthar le déanamh d'ús bintiúir dlite ar 31/12/2018.

(vi) Árachas don bhliain dar críoch an 31/03/2019.

(vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 6% de na féichiúnaithe.

(viii) Soláthar le déanamh do cháin chorparáide €16,000.

**Iarrtar ort**:

**(a) Cuntas trádála**, **brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2018.

(80)

**(b) Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2018. (40)

**(120 marc)**

**2.** **Taifid Neamhiomlána – Glanfhiúchas**

Níor choinnigh M. Ó Fuireastal, trádálaí aonair, sraith iomlán cuntas. Cuireadh na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnólacht ar fáil ar 01/01/2018:

| | € |
|---|---|
| Áitreabh | 520,000 |
| Troscán agus trealamh ar a gcostas | 48,200 |
| Mótarfheithiclí ar a luach de réir na leabhar | 49,000 |
| Dímheas carntha ar throscan agus ar threalamh | 8,700 |
| Stoc | 62,300 |
| Árachas réamhíoctha | 1,200 |
| Creidiúnaithe | 18,200 |
| Speansais dlite | 2,800 |
| Banc | 5,600 |
| Féichiúnaithe | 21,200 |

**Iarrtar ort**

**(a)** Ráiteas a ullmhú a léiríonn **glanfhiúchas/glanchaipiteal** Uí Fhuireastal ar 01/01/2018.
(30)

Thug Ó Fuireastal an t-eolas breise seo a leanas freisin ar 31/12/2018:

(i) Le linn na bliana, aistríodh €12,000 ó chuntas pearsanta bainc go dtí cuntas bainc an ghnólachta.

(ii) Le linn na bliana, d'íoc Ó Fuireastal €7,100 as cistí gnó i gcomhair deisiúchán ar theach príobháideach agus thóg sé freisin earraí dar luach €350 in aghaidh na míosa le haghaidh úsáid phríobháideach.

Thug Ó Fuireastal meastachán gurbh iad na sócmhainní agus na dliteanais ghnó ar 31/12/2018 ná €860,000 agus €78,000 faoi seach, roimh lamháil dóibh seo a leanas:

- Dímheas ar throscán agus ar threalamh de réir ráta 25% dá gcostas
- Dímheas ar mhótarfheithiclí de réir 8% dá luach de réir na leabhar
- Speansais dlite €920.

**(b)** Ullmhaigh **ráiteas** a léiríonn **brabús nó caillteanas** Uí Fhuireastal don bhliain dar críoch 31/12/2018.

(30)

**(60 marc)**

**3. Dímheas agus Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Uí Shealbhaigh Teo.:

| | |
|---|---|
| 01/01/2017 | Foirgnimh ar a gcostas €780,000 san iomlán. |
| 01/01/2017 | Iarmhéid sa chuntas soláthair in aghaidh dímheasa €62,000. |
| 01/06/2017 | Cheannaigh foirgneamh ar €140,000. |
| 01/07/2017 | Foirgneamh a chosain €110,000 díolta ar €75,000. Ba é €50,000 luach an fhoirgnimh sin de réir na leabhar ar 01/07/2017. |
| 31/12/2017 | Dímheas iomlán don bhliain dar críoch 31/12/2017 ná €34,000. |
| 01/01/2018 | Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €900,000. |
| 31/12/2018 | Soláthar in aghaidh dímheasa déanta ar ráta 5% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2018. |

**Iarrtar ort a thaispeáint**:

**(a)** An **cuntas foirgneamh** don dá bhliain **2017** agus **2018**. (15)

**(b)** An **cuntas soláthair in aghaidh dímheasa** don dá bhliain **2017** agus **2018**. (20)

**(c)** **Cuntas dhiúscairt na bhfoirgneamh** don bhliain dar críoch **31/12/2017**. (15)

**(d)** An **cuntas cúlchiste athluachála**. (10)

**(60 marc)**

**4. Cuntais Feirme**

Ba iad seo a leanas sócmhainní agus dliteanais mhuintir Uí Ruairc, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 01/01/2018:

Talamh €900,000; foirgnimh feirme €360,000; innealra ar a chostas €144,000; luach caorach €28,000; luach eallaigh/bó €115,000; airgead sa bhanc €23,200; leictreachas dlite €850; pá dlite €1,100.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Caipiteal** mhuintir Uí Ruairc ar 01/01/2018 a ríomh. (20)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí na feirme don bhliain dar críoch 31/12/2018.

| **Fáltais** | € | **Íocaíochtaí** | € |
|---|---|---|---|
| Díolachán olla | 200 | Ceannach caorach | 6,600 |
| Díolachán uan | 32,600 | Ceannach eallaigh | 42,350 |
| Bainne | 94,000 | Leasachán | 13,800 |
| Aoníocaíocht feirme | 24,100 | Leictreachas | 15,300 |
| Díolachán eallaigh | 51,700 | Deisiúcháin | 18,900 |
| | | Pá | 34,500 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoc ar deireadh 31/12/2018:

| | |
|---|---|
| Luach an eallaigh/na mbó | €122,000 |
| Luach na gcaorach | €31,000 |

(ii) Tá an aoníocaíocht feirme le roinnt (leithroinnt) idir an dá fhiontar sa chóimheas:

| | |
|---|---|
| Eallach/bainne | 80% |
| Caoirigh | 20% |

(iii) Tá leasachán, leictreachas, deisiúcháin agus pá le roinnt (leithroinnt) **go cothrom** idir an dá fhiontar.

(iv) Uaineoil a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €650.
Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,300.

(v) Leictreachas dlite ar 31/12/2018, €470.

**Iarrtar ort**:

**(b)** (i) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú i leith '**eallach/ bainne**' don bhliain dar críoch 31/12/2018. (20)

(ii) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú i leith '**caorach**' don bhliain dar críoch 31/12/2018. (20)

**(60 marc)**

**Tosaíonn Roinn 2 ar leathanach 8**

**Roinn 2 (200 Mharc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Chinnéide Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2018**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 650,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2018 | | 33,000 | |
| Móide: ceannacháin ar cairde | | 342,000 | |
| | | 375,000 | |
| Lúide: stoc 31/12/2018 | | 30,000 | |
| Costas díolachán | | | 345,000 |
| Ollbhrabús | | | ??????? |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús san áireamh) | | | 150,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 155,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2018**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 970,000 | 50,000 | 920,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe trádála €32,000 san áireamh) | | 88,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 33,000 | |
| | | | 55,000 |
| | | | 975,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 7% (2023/2024) | | | 100,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 950,000 | 720,000 | 720,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 155,000 |
| | | | 975,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) Corrlach an bhrabúis chomhláin.

(ii) An cóimheas fíorthástála.

(iii) An tréimhse chreidmheasa a fuarthas ó chreidiúnaithe trádála.

(iv) An ráta láimhdeachais stoic. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** de réir mar is cuí:

(i) Dímheas

(ii) Cistí na scairshealbhóirí

(iii) Sócmhainní doláimhsithe

(iv) Bintiúir 7% (2023/2024) (40)

**(c)** An mbeadh deacrachtaí ag Ó Cinnéide Teo. a gcuid billí a íoc de réir mar a bheidís dlite?

**Mínigh do fhreagra**. (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Ó Cinnéide Teo. in **2017** ná 12%.

(i) Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid do **2018**.

(ii) Déan trácht ar bhrabúsacht Uí Chinnéide Teo. in **2018**. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic Cába Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2018** | € |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 135,000 |
| Ús íoctha | (19,000) |
| | 116,000 |
| Cáin | (25,000) |
| | 91,000 |
| Díbhinní íoctha | (26,000) |
| Brabús coinnithe | 65,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2018 | 122,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2018 | 187,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2018** | | **31/12/2017** | |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 930,000 | | 780,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (70,000) | 860,000 | (55,000) | 725,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 78,000 | | 70,000 | |
| Féichiúnaithe | 29,000 | | 40,000 | |
| Banc | 15,000 | | 10,000 | |
| | 122,000 | | 120,000 | |
| **Lúide creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 35,000 | | 42,000 | |
| Cáin | 25,000 | | 29,000 | |
| | (60,000) | | (71,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 62,000 | | 49,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 922,000 | | 774,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 7% | | 250,000 | | 200,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 470,000 | | 452,000 |
| Scairbhiseach | | 15,000 | | ----------- |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 187,000 | | 122,000 |
| | | 922,000 | | 774,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** a ullmhú do Mhac Cába Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (65)

**(c)** An glanshreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (5)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Chlub**

Bhí siad seo thíos san áireamh i sócmhainní agus dliteanais Chlub Gailf Challainn ar 01/01/2018:

Clubtheach €620,000; trealamh €32,000; infheistíochtaí €60,000; talamh €240,000; stoc beáir €7,100; síntiúis réamhíoctha na mball €1,800; creidiúnaithe beáir €3,600; airgead ar láimh €3,200.

**Iarrtar ort**

**(a)** Ráiteas a ullmhú a thaispeánann ciste carntha an chlub ar 01/01/2018. (20)

Seo thíos achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain 2018:

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2018**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2018 | 3,200 | Duaiseanna lató an chlub | 38,000 |
| Ús ar infheistíochtaí | 1,800 | Ceannacháin bheáir | 26,900 |
| Díolacháin bheáir | 42,100 | Speansais ghinearálta | 23,800 |
| Fáltais lató an chlub | 63,000 | Árachas | 5,200 |
| Síntiúis | 72,700 | Ceannach trealaimh | 3,400 |
| Urraíocht bhliantúil | 14,000 | Iarmhéid airgid 31/12/2018 | 99,500 |
| | 196,800 | | 196,800 |

Thug an cisteoir an t-eolas seo freisin ar **31/12/2018**:

(i) Stoc beáir €7,200.

(ii) Creidiúnaithe beáir €2,300.

(iii) Speansais ghinearálta dlite €3,100.

(iv) Síntiúis dlite €2,100.

(v) An clubtheach le dímheas de 3% den chostas.

(vi) Tá dímheas de 25% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2018.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas trádála beáir** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2018. (8)

**(c)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2018. (34)

**(d)** **Clár comhardaithe** an chlub a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2018. (30)

**(e)** An difríocht a mhíniú idir an t-iarmhéid sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus an t-iarmhéid deiridh sa chuntas fáltas agus íocaíochtaí. (8)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8. Costáil Ionsúcháin**

Tá dhá roinn ag an gcuideachta dhéantúsaíochta Breochloch Teo., táirgeadh agus seirbhísiú. Is iad seo a leanas na forchostais bhuiséadaithe don dá roinn don bhliain seo chugainn:

| | € | € |
|---|---|---|
| **Roinn** | **Seasta** | **Athraitheach** |
| Táirgeadh | 40,000 | 16,000 |
| Seirbhísiú | 6,000 | 10,000 |

Is iad seo a leanas na huaireanta saothair dhírigh atá measta (buiséadaithe) ag Breochloch Teo. do gach roinn don bhliain seo chugainn:

| | **Uaireanta Saothair Dhírigh** |
|---|---|
| Táirgeadh | 8,000 uair |
| Seirbhísiú | 4,000 uair |

**(a)** Ríomh an **ráta ionsú forchostais** (**seasta agus athraitheach** araon) do gach **roinn** bunaithe ar **uaireanta saothair dhírigh**.

**(b)** Is mar seo a leanas atá sonraí **jab** custaiméara **uimh**. **572**:

| | |
|---|---|
| Ábhair dhíreacha | €1,350 |
| Saothar díreach | €520 |
| Uaireanta á tháirgeadh | 4 |
| Uaireanta á sheirbhísiú | 3 |

Ríomh an **costas iomlán** ar **jab uimh**. **572**.

**(c)** Ríomh **praghas díola jab uimh**. **572** más ionann an mharcáil suas agus 15% den chostas.

**(d)** Luaigh **dhá** chúis ar gá do ghnólacht costphraghas táirge a ríomh.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Táirgí**

Déanann Ó Dochartaigh Teo. dhá chineál luchtaire ar a dtugtar '**Luchtaire Ardchaighdeáin**' agus '**Luchtaire Caighdeánach**'. Tá na díolacháin don dá chineál luchtaire agus eolas ábhartha eile don bhliain atá ag teacht buiséadaithe thíos:

| | **Luchtaire Ardchaighdeáin** | **Luchtaire Caighdeánach** |
|---|---|---|
| Díolacháin bhuiséadaithe | 5,400 aonad | 2,800 aonad |
| Praghas díola ionchasach | €30 | €20 |

| **Stoc Ionchasach – Earraí Críochnaithe** | **Luchtaire Ardchaighdeáin** | **Luchtaire Caighdeánach** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 610 | 530 |
| Stoc ar deireadh | 570 | 420 |

| **Méid agus Costais Ábhar** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Luchtaire ardchaighdeáin | 5 ghram | 4 ghram |
| Luchtaire caighdeánach | 3 ghram | 2 ghram |
| Luach ceannaigh ionchasach in aghaidh an ghraim | €6 | €4 |

| **Stoc Ionchasach - Amhábhair** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Stoc tosaigh | 260 gram | 370 gram |
| Stoc ar deireadh | 280 gram | 320 gram |

| **Am an tSaothair Dhírigh in Uaireanta an Chloig** | |
|---|---|
| Luchtaire ardchaighdeáin | 4 uair an chloig |
| Luchtaire caighdeánach | 3 uair an chloig |

| **Ráta an tSaothair Dhírigh in aghaidh na huaire** | €12 |
|---|---|

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad díolacháin a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(b)** Buiséad **táirgeachta** a ullmhú ina **aonaid**.

**(c)** Buiséad **úsáid ábhair** a ullmhú ina **aonaid**.

**(d)** **Buiséad ceannacháin ábhair** a ullmhú ina **aonaid** agus ina **€**.

**(e)** Buiséad **saothair** (pá) a ullmhú.

**(f)** **Cén fáth** a n-ullmhódh Ó Dochartaigh Teo. buiséad saothair? **(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán